



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 — Príomhthorthaí Socheacnamaíocha

Mór athruithe sa tsochaí

Tá athruithe móra ag tarlú i gcónaí sa tsochaí Éireannach de réir na tuairisce is déanaí ó dhaonáireamh 2006 a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh inniu. Tugann an tuairisc seo: *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha* torthaí deireanacha an daonáirimh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006.

Tugann an tuairisc eolas dúinn maidir leis an margadh oibre, oideachas atá bainte amach, patrúin taistil, daoine faoi mhíchumas, cúramaithe, gníomhaíochtaí deonacha chomh maith le húinéireacht carranna agus rochtain ar an idirlíon.

Lucht oibre suas 17.1% i gceithre bliana

D'fhás líon na ndaoine sa lucht oibre faoi 308,500 nó 17.1% idir na blianta 2002 agus 2006 a bhuíochas sin don chuid is mó don fhás san fhostaíocht (+288,400). I dtéarmaí iomlána bhí an fás san fhostaíocht roinnte go cothrom idir fhireannaigh agus bainearnaigh – méadú de 15% a bhí ag fireannaigh agus 21.3% ag na bainearnaigh thar an tréimhse cheithre bliana.

Oibrí amháin as gach ochtar ina náisiúnach neamh-Éireannach

Náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bhí i gceist do bheagnach leath (49%) den mhéadú san fhostaíocht idir na blianta 2002 agus 2006 agus mar thoradh ba náisiúnach neamh-Éireannach duine as gach ochtar oibrithe sa Stát ag am an daonáirimh sa bhliain 2006. Bhí an céatadán ba mhó (31.9%) d'oibrithe neamh-Éireannacha sa rannóg óstán agus bialanna sa bhliain 2006; ina dhiaidh ba ag plé le gníomhaíochtaí gnó (go háirité ríomhairí agus gníomhaíochtaí gaolmhara agus glanadh tionsclaíoch, 16.2%), déantúsaíocht (15.2%) agus tógáil (14.2%) a bhíodar.

Dífhostaíocht ab airde i gCathair Luimní

Bhí ráta iomlán dífhostaíochta* náisiúnta de 8.5% ann. Cuireadh an figiúr seo le chéile ó na freagraí a tugadh ar an gceist a bhain le príomhstádas eacnamaíoch i nDaonáireamh 2006. Ag leibhéal contae bhí an ráta dífhostaíochta ba mhó ag Cathair Luimní (14.6%) sa bhliain 2006. Ina dhiaidh sin a tháinig Dún na nGall (12.9%) agus Cathair Phort Láirge (12.6%). Bhí na rátaí ab ísle ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (5.4%), Contae Chorcaí (5.9%) agus Ros Comáin (6.3%).

Bhí 62 Toghranna le lucht oibre de níos mó ná 200 duine a raibh rátaí dífhostaíochta de níos mó ná 20% acu ag am an daonáirimh. Bhí comhráta dífhostaíochta de 24% ag na 62 Toghranna seo i gcomparáid leis an meánfhigiúr náisiúnta de 8.5% bunaithe ar fhreagraí an daonáirimh. Bhí 35 den 62 ceantair ba mheasa buailte seo sna cathracha seo a leanas -Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge.

* 4.3% a bhí an ráta oifigiúil dífhostaíochta sa dara ráithe de 2006 mar a leagadh síos sa Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh ag baint úsáide as critéir EIS.

Tuilleadh /...

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Website <http://www.cso.ie>
LoCall 1890 313 414 Email info@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555
01 498 4000 An Domhan <http://www.cso.ie>
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost info@cso.ie

Céatadán níos airde bainearnaigh san oideachas

Bhí céatadán níos airde bainearnaigh san oideachas sa bhliain 2006 ná mar a bhí fireannaigh do gach bliain faoi leith aoise sa réimse 15 go 23 bliana. Bhí an difríocht idir fhireannaigh agus bainearnaigh ag an leibhéal ba mhó dóibh siúd a bhí 19 bliana d'aois ag 15.7 pointí céatadán, i.e. bhí 60.4% de bhainearnaigh 19 bliana d'aois ag plé leis an oideachas i gcomparáid le 44.8% de fhireannaigh.

Mar thoradh ar na rátaí rannpháirtíochta san oideachas a bhí ag ardú, go háirithe i measc na ndaoine 20 - 24 bliana d'aois, tá méadú ginearálta san aois a stop daoine ag freastal ar an oideachas lánaimseartha. D'fhág beagnach 50% den daonra a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine sa bhliain 1981, a dúirt go raibheadar críochnaithe leis an oideachas lánaimseartha, an córas oideachais roimh dóibh 16 bliana d'aois a bhaint amach. Faoi mbliain 2006, bhí an figiúr sin tithe go dtí 21.1%.

Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag céatadán níos airde de na náisiúnaigh neamh-Éireannacha san aoisghrúpa 25-44 bliana i gcomparáid leis an ngrúpa céanna Éireannach, 43.8% agus 41.3% faoi seach. Ag an taobh eile den scála ní raibh ach oideachas bunscoile ar 10.8% de na náisiúnaigh neamh-Éireannacha sa ghrúpa cuí sa bhliain 2006 i gcomparáid le 7.2% do náisiúnaigh Éireannacha.

Cáilíochtaí tríú leibhéal ag duine as gach cúigear

Bhí cáilíochtaí tríú leibhéal ag beagnach 821,000 daoine san aoisghrúpa 15 bliana agus níos sine in Aibreán 2006, cáilíochtaí a bhaineadar amach tar éis dóibh ar a laghad dhá bhliain staidéir a dhéanamh. Céimithe a bhí i níos mó ná ceathrar as gach deichniúr de na daoine san aoisghrúpa 25 - 34 bliana ag am an daonáirimh agus b'ionann na daoine seo agus níos mó ná aon trian de na céimithe ar fad.

Níos mó carranna agus úsáideoirí carranna

Bhí ar a laghad carr amháin ag ceithre theaghlach as gach cúig theaghlach in Aibreán 2006, le húinéireacht carranna níos airde i gceantair tuaithe (88.6%) ná mar a bhí i gceantair uirbeacha (75.2%). I gCo na Mí (89.8%) a bhí an céatadán ab airde de theaghlach le carr amháin ar a laghad agus ba i gCathair Átha Cliath (59.5%) a bhí an céatadán ab ísle.

Is é an carr príobháideach an príomh mhodh taistil i gcónaí d'oibrithe Éireannacha. Thiomáin beagáinín níos mó ná 57% de na hoibrithe ar fad carranna chun na hoibre sa bhliain 2006, suas ó 55% ceithre bhliain roimhe. Má chuirtear iad seo le chéile leis na hoibrithe a thiomáin veaineanna nó leoraithe chun na hoibre, thiomáin beagnach 65% d'oibrithe Éireannacha chun na hoibre sa bhliain 2006, b'ionann seo agus 225,000 úsáideoirí carranna breise a bhain le cúrsaí oibre ná mar a bhí ann sa bhliain 2002.

Formhór na ndaltaí bunscoile á dtiomáint chun na scoile

Tugadh 55% de dhaltaí bunscoile chun na scoile i gcarranna sa bhliain 2006 i gcomparáid le 27.7% cúig bliana déag roimhe. I rith na tréimhse céanna thit céatadán na ndaltaí bunscoile a shíúil chun na scoile ó 39.4% chuig 24.3%.

9.3% den daonra faoi mhíchumas

Bhain fadhb fadtéarmach sláinte nó míchumas le beagnach 394,000 daoine, b'ionann sin agus 9.3% den daonra iomlán, i mí an Aibreáin 2006. Bhí níos mó bainearnaigh ná fireannaigh faoi mhíchumas (9.6% i gcomparáid le 9%) agus bhí beagnach dá thrian díobh sin a bhí faoi mhíchumas 50 bliain d'aois nó níos sine.

Beagnach 161,000 cúramaithe

Dúirt beagnach 161,000 daoine a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine (4.8% den iomlán) go gcuireann siad cúnamh pearsanta ar fáil go rialta gan phá do chara nó do bhall teaghlaigh le tinneas fadtéarmach, fadhb sláinte nó míchumas i mí an Aibreáin 2006. Mná a bhí i níos mó ná 100,000 (nó 62%) den iomlán do 2006 agus bhí níos mó ná a leath díobh sna ceathrachaidí nó caogaidí.

Duine as gach seisear 15 bliana d'aois agus níos sine ag plé le hobair dheonach

Bhí níos mó ná 553,000 daoine, b'ionann sin agus 16.4% den daonra 15 bliana d'aois agus níos sine, ag plé le gníomhaíocht deonach de réir torthaí ceiste nua a bhí sa dhaonáireamh sa bhliain 2006. Bhí an ráta ab airde rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí deonacha ag daoine san aoisghrúpa 45-49 bliana (23.3%) agus bhí beagnach oibrí deonach amháin as gach ceathrar sna ceathrachaidí. Bhí an líon ab airde oibrithe deonacha ag plé le hobair shóisialta nó charthanach (193,000 daoine) agus ansin gníomhaíochtaí spóirt (180,000).

Úinéireacht Ríomhairí Pearsanta agus rochtain ar an Idirlíon

Ós cionn 828,000 (56.6%) teaghlaigh a raibh ríomhaire pearsanta (RP) acu i mí an Aibreáin 2006 agus bhí rochtain ag 683,000 (46.7%) ar an idirlíon. As an bhfigiúr sin bhí ceangal leathan banda leis an idirlíon ag 292,000 teaghlaigh. Bhí an céatadán ab airde rátaí do RP agus rochtain ar an idirlíon sna contaetha Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Fine Gall agus Átha Cliath Theas agus bhí na rátaí ab ísle ag Cathair Luimní, Longfort agus Cathair Chorcaí.

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh
nó

Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idir na POS (www.cso.ie).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
R-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	http://www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

28 Meitheamh 2007

– CRÍOCH –